

Oifig an  **Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí**
Office of the **Director of Public Prosecutions**

An Córas Ionchúisimh in Éirinn

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Bóthar na hOtharlainne
Baile Átha Cliath 7
D07 FHN8

 +353 1 858 8500

 +353 1 642 7406

 www.dppireland.ie/ga

CLÁR ÁBHAIR

1. RÉAMHRÁ.....	4
2. Forbhreathnú ar Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (OSIP)	4
Struchtúr Oifig an SIP	4
3. Léargas ar Obair na Trí Rannán Dlí	5
An Rannán Stiúrtha	5
Rannán na n-Aturnaetha	5
An Rannán Seirbhísí Tacaíochta d’Ionchúisimh	5
4. Painéal Comhairle Ionchúisimh	6
5. Soláthar Seirbhísí Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.....	6
Ról na n-Aturnaetha Stáit	7
Tearmaí Ceapacháin	7
6. Déanamh Cinntí maidir le Ionchúiseamh	7
Léargas ar Cé a Dhéanann Cinntí Ionchúisimh	7
Rannán Stiúrtha, Oifig an SIP	7
Rannán na n-Aturnaetha agus an Rannán Seirbhísí Tacaíochta Ionchúisimh, Oifig an SIP	7
An Garda Síochána	7
7. Cinntí Gan Ionchúiseamh a Dhéanamh -- Iarratais ar Chúiseanna agus Athbhreithnithe.....	8
Cé nDéilealann le Iarratais ar Chúiseanna agus Athbhreithnithe?.....	8
Aonad Teagmháil Íospartaigh, Oifig an SIP.....	8
An Garda Síochána	8
8. Ionchúisimh Achomair (lena n-áirítear Achomhairc sna Cúirteanna Dúiche) — Baile Átha Cliath.....	8
Cé Reáchtálann na hImeachtaí?	8
Rannóg na Cúirte Dúiche, Oifig an SIP	8
An Garda Síochána	9
9. Ionchúisimh Achomair (lena n-áirítear Achomhairc sna Cúirteanna Dúiche) — Iasmuigh de Bhaile Átha Cliath.....	9
Cé Reáchtálann na hImeachtaí?	9
Aturnaetha Stáit	9
An Garda Síochána	9

10. Ionchúisimh ar Féidir Ciontú a Dhéanamh -- Baile Átha Cliath	9
Cé Reáchtálann na hImeachtaí?	9
Rannán na n-Aturnaetha agus an Aonad um Choireanna Gnéis, Oifig an SIP	9
11. Ionchúisimh ar Féidir Ciontú a Dhéanamh -- Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath	9
Cé Reáchtálann na hImeachtaí?	9
Seirbhís na n-Aturnaetha Stáit	9
12. Ceisteanna Ionchúisimh Eile	10
Cé Reáchtálann na hImeachtaí?	10
Rannóg na n-Achomharc	10
Rannóg an Athbhreithniú Breithiúnach	10
Aonad Idirnáisiúnta	10
13. Caiteachas -- Costas Cuir ar Fáil an Seirbhís Ionchúisimh	10
Aguisín I: Próiseas Ionchúisimh Choiriúla in Éirinn	11

1. RÉAMHRÁ

Leagann an cháipéis seo amach an obair a thugann ‘ionchúisitheoirí’ éagsúla sa chóras ionchúisimh Éireannach fúthu faoi láthair na h-uaire. Achoimrítear an obair ionchúisimh a dhéanann an Garda Síochána i bpainéil aibhsithe.

Tá achoimre mionsonraithe den Chóras Ionchúisimh in Éirinn, mar aon le na boinn ábhartha reachtaíocht den chóras sin, le fáil i [gCaibidil 2 de na Treoirlínte d’Ionchúisithe](#). Déantar léiriúchán grafach ar an bPróiseas Ionchúisimh Choirithe in [Aguisín I](#) den cháipéis seo.

2. Forbhreathnú ar Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí (OSIP)

Bunaíodh Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí (OSIP) leis an [Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974](#). Tá an Stiúrtóir neamhspleách maidir le feidhmiú na bhfeidhmeanna dá cuid, lena n-áirítear:

- ag cur i bhfeidhm an dlí choiriúil sna cúirteanna thar ceann Mhuintir na hÉireann;
- ag déanamh stiúradh agus maoirseacht ar ionchúisimh phoiblí maidir le cúisiú sna cúirteanna;
- ag tabhairt treoir agus comhairle ghinearálta don Gharda Síochána maidir le cásanna achomaire a thionscnaítear agus a dhéantar in ainm an Stiúrtóra;
- ag tabhairt treoir ar leith don Gharda Síochána, chomh maith le údaráis imscrúdaithe eile, má iarrtar a leithéid; agus
- bheith freagrach as achainí toghcháin agus reifrinn de réir na hAchtanna cúí.

Is as an nGarda Síochána a dtagann formhór na cásanna a ndéileálann an OSIP leo. Mar sin féin, déanann gníomhaireachtaí imscrúdaithe speisialaithe roinnt cásanna a tharchur chuig an Oifig, lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, ranna Rialtais, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Oifig an Stiúrtóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus údaráis áitiúla.

Struchtúr Oifig an SIP

Tá trí ranna dlí san Oifig SIP:

- i) An Rannán Stiúrtha
- ii) Rannán na n-Aturnaetha
- iii) An Rannán Seirbhísí Tacaíochta d’Ionchúisimh

Tuigtear le tagairtí a dhéantar sa cháipéis seo d’fheidhmeanna a bhíonn ag an Rannán Stiúrtha agus Rannán na n-Aturnaetha go dtagraíonn siad freisin d’obair a dhéanann an Aonad um Chionta Gnéis. Is aonad speisialtóirí é seo atá á bhforbairt fós — tosaíodh ar an gcéad chéim den fhorbairt seo mí Aibreán 2021 — agus comhlíonann sé feidhmeanna na Roinne Stiúrtha agus Roinne na n-Aturnaetha maidir le cionta gnéis.

Tá Rannán Riaracháin ann chomh maith. I seo tá gnáth-ghráid Státseirbhíse a chuireann ar fáil na seirbhísí eagraíochta, bonneagair, riaracháin agus faisnéise a bhfuil de dhíth ón Oifig. 220 atá i bhfoireann na hOifige. Tá feidhm dlíthe ag 60% díobh seo, agus feidhm riaracháin ag 40%.

Is feidir teacht ar cairt eagraíochta iomlán don Oifig SIP ag <https://www.dppireland.ie/ga/about-us/organisation-chart>.

3. Léargas ar Obair na Trí Rannán Dlí

An Rannán Stiúrtha

Ionchúisitheoirí a dhéanann scrúdú ar chomhaid fiosrúcháin choiriúla agus a dhéanann cinneadh an fearr ionchúiseamh a dhéanamh nó gan a dhéanamh atá sa Rannán Stiúrtha. Déanann siadsan cinneadh chomh maith an fiú leanúint le fiosrúcháin atá ag an nGarda Síochána. Maidir le cásanna cionta gnéis, is féidir leis an Aonad um Cionta Ghnéis an rogha a dhéanamh an fearr ionchúiseamh a dhéanamh. Caithfear gach cás a leanfar leis ar ionchúisimh a chuir isteach. Stiúrann an Rannán Stiúrtha diúscairt achomair i líon beagáinín níos lú ná 30% de chásanna gach bliain. Coinnítear cóipeanna de gach ráiteas agus gach píosa fianaise eile i gcomhad cháis i gcomhaid Fiosrúcháin Coiriúla, chomh maith le tuarascáil chumhdaigh ón ball ag déanamh an fhiosrúcháin agus, de ghnáth, a S(h)áirsint, a C(h)igire, agus/nó a C(h)eannfort. Déanann seo achoimre ar an bhfianaise agus cuireann tuairim in iúl an cóir leanúint le ionchúiseamh an chás. Leagtar amach an tuarascáil chumhdaigh agus inneachair chomhad fiosrúcháin ar chaoi a aontaítear idir an Garda Síochána agus Oifig an SIP.

Léiríonn an treoir a dtagann as seo cén cúiseanna, má tá cúiseanna ar bith, atá le tabhairt os comhair na cúirte. I roinnt cásanna, is gá níos mó eolas agus fiosrúcháin sular féidir cinneadh a dhéanamh. Le ionchúiseamh a dhéanamh, caithfidh cás *prima facie* bheith ann — 'sé sin le rá fianaise a bhféadfadh sé, cé nach gá dó, dul i bhfeidhm ar chúirt nó ar ghiúiré sa chaoi go mbraithfeadh siad go bhfuil an duine ciontach, thar amhras réasúnach, den chor a chuirtear ina leith. Ní ionchúisítear cásanna mura bhfuil seans réasúnta ann go bhfaightear ciontú. Ina theannta sin, déantar cinneadh maidir le líon beag cásanna in aghaidh na bliana gan ionchúiseamh a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail. Tá mioneolas ar conas mar a dhéantar cinntí mar seo sna [Treoirínte d'Íonchúisitheoirí](#).

Déanann na ionchúisitheoirí sa Rannán Stiúrtha mórán cinntí eile mar chuid dá maoirseacht ar ionchúisimh a stiúrta, ina measc an fearr nó nach fearr glacadh le pléadail chiontach maidir le cionta nach bhfuil chomh tromchúiseach, nó achomharc a thógáil ag cúirteanna níos airde.

Rannán na n-Aturnaetha

Soláthraíonn An Rannán Aturnaetha, faoi cheannas an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh, agus an Aonad um Cionta Gnéis, seirbhís aturnae don Stiúrthóir agus í ag ullmhú agus ag cur i láthair cásanna i gCúirteanna Coiriúla Dúiche agus Cuarda Bhaile Átha Cliath, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sa Chúirt Choiriúil Speisialta, sa Chúirt Achomhairc, san Ard-Chúirt agus sa Chúirt Uachtarach.

Mar chuid de Rannán na n-Aturnaetha, tá na rannóga seo a leanas:

- | | |
|------------------------------|--|
| i) Rannóg na Cúirte Dúiche | iv) An Aonad Speisialta Airgeadais |
| ii) Rannóg na Cúirte Chuarda | v) Rannóg na n-Achomharc |
| iii) Rannóg na hUaschúirte | vi) Rannóg an Athbhreithniú Breithiúnach |

An Rannán Seirbhísí Tacaíochta d'Íonchúisimh

Mar chuid den Rannán Seirbhísí Tacaíochta d'Íonchúisimh, tá an trí aonad seo a leanas:

- i) Tá an **Aonad Teagmhála Íospartaigh** freagrach as déanamh cinnte de go gcomhlíonann an Oifig a ndualgais le eolas a sholáthar d'Íospartaigh coire agus athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh mar a leagtar amach faoin [Acht Ceart Dlí \(Íospartaigh Coire\) 2017](#);

- ii) an **Aonad Idirnáisiúnta** a dhéileálann le ceisteanna dhlí choiriúla idirnáisiúnta, lena n-áirítear eiseachadh, Barántais Gabhadh Eorpacha, iarratais ar chomh-chabhair dlíthe, agus ceisteanna polasaí maidir le comhoibriú póilíní agus breithiúnach níos fairsinge; agus
- iii) an **Aonad Polasaí agus Taighde Ionchúisimh** a sholáthraíonn taighde dlíthe agus polasaí, a fhorbraíonn polasaíthe ionchúisimh, a thugann comhairle ar cháipéisí pholasaí dlíthe a tharchuirtear ag an Oifig agus a chomhordaíonn bainistíocht eolais dlíthe don Oifig — mar chuid den aonad seo, tá an Aonad Leabharlainne, a sholáthraíonn seirbhísí eolais agus saineolais don fhoireann dlíthe agus riaracháin araon.

Is féidir teacht ar cur síos níos doimhne ar obair gach ceann de na rannáin is na rannóga dlíthe atá againn san Oifig ar ár suíomh idirlíne, www.dppireland.ie/ga/about-us/our-organisation.

Tá fáil ar staitisticí mionsonraithe maidir le comhaid a dhéileálann rannán áirithe den Oifig leo inár [dTuarascálacha Bliantúla](#).

4. Painéal Comhairle Ionchúisimh

Déileálann abhcóidí neamhspleácha ag cleachtadh sa Bharra le riaradh thrialach ar ionchúisimh. Fostaítear iad seo le bheith ina n-ionadaithe ar an Stiúrthóir Ionchúisimh Phoiblí ar bhonn chás ar chás. Déanann na habhcóidí seo ionchúiseamh de réir treoracha an Stiúrthóra agus de réir na Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí. Coimeádtar duine ar phainéal le cead an Stiúrthóra, agus braitheann seo ar chomhlíonadh shásúil obair ar son an Stiúrthóra, mar a rialaíonn an Stiúrthóir féin. De ghnáth, bítear ag súil leis go mbeidh ar a laghad ceithre bliana taithí ag abhcóidí i mBarra na hÉireann, nó taithí ábhartha oibre cothrom le sin, le go smaoinítear orthu d'obair i ngach ceann de na Réimsí seo, seachas Bannaí na hArdchúirte (trí bliana ar a laghad). Faoi láthair na h-uaire, tá painéil abhcóidí ag an Stiúrthóir maidir leis an obair seo a leanas:

- Ionchúisimh ar chiontú i mBaile Átha Cliath
- Ionchúisimh ar chiontú lasmuigh de Bhaile Átha Cliath (an Chúirt Chuarda) — Ionchúisitheoirí Contaetha
- Athbhreithniú Breithiúnachta
- Habeas Corpus
- Bannaí na hArdchúirte
- Coigistíodh Acmhainní
- Ionchúisimh faoin Reachtaíocht Sláinte 's Sábháilteachta san Obair
- Ionchúisimh maidir le hlascaigh mhara

5. Soláthar Seirbhísí Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath

Comhdhéantar seirbhís na n-Aturnaetha Stáit de 32 aturnae i gcleachtais phríobháideacha a fhostaítear ag an SIP ar bhonn chonartha, a thugtar do théarma deich mbliana i ndiaidh chomórtas oscailte. De ghnáth bíonn Aturnaetha Stáit amháin ann in aghaidh an chontae, ach i gcontaetha áirithe, roinneadh ceantair Aturnaetha Stáit de réir cúinsí cosúil le daonra. Cuir i gcás, roinntear Contae Chorcaí i gceithre chuid: Cathair Chorcaí, Corcaigh Thoir ó Thuaidh, Corcaigh Thoir ó Theas, agus Iarthar Chorcaí.

De réir [alt 4A den Acht 1974](#), tá sé de chumas ag an SIP treoir a thabhairt d'Aturnaetha Stáit aon fheidhm a dhéanamh, thar a ceann agus de réir a treoracha, maidir le cásanna ar leith.

Ról na n-Aturnaetha Stáit

Ceaptar Aturnaetha Stáit chun bheidh ina n-ionadaithe don Stiúrthóir ag déanamh gach obair dhlíthe a tharchuirtear dó nó di a thagann óna c(h)eanntar sa Chúirt Chuarda agus bheith i láthair sa Chúirt Dúiche nuair a chuireann an Stiúrthóir ceist air nó uirthi amhail a dhéanamh. Tuigtear leis an obair Chúirt Chuarda bainistiú na trialacha Cúirt Chuarda ar féidir ciontú a dhéanamh iontu agus ionchúiseamh Achomhairc sna Cúirteanna Dúiche os comhair na Cúirte Chuarda.

De ghnáth, faigheann Aturnaetha Stáit comhaid fiosrúcháin ón nGarda Síochána, cuireann siad tuairimí ar fáil don SIP maidir le an fearr nó nach fearr tosú ar ionchúisimh, agus más ea, cén coireanna a chuirfeadh i gcoinne duine agus cá h-áit a réachtálfar an triail. Déanann an SIP an cinneadh i ndiaidh sin maidir le ionchúisimh. Nuair a fhaigheann an Aturnaetha Stáit an chinneadh sin, téann siad i dteagmháil le na Gardaí agus déanann bainistiú ar aon ionchúiseamh ar féidir ciontú a dhéanamh ann, lena n-áirítear treorú na n-abhcóide ionchúisimh a fhostaítear chun an cás a ionchúisimh.

Téarmaí Ceapacháin

Ceaptar Aturnaetha Stáit trí phríosas comórtais. Is téarma 10 mbliana í an chonradh seirbhísí, agus bíonn téarmaí níos faide acu siúd a ceapadh roimh 2001.

6. Déanamh Cinntí maidir le Ionchúiseamh

Léargas ar Cé a Dhéanann Cinntí Ionchúisimh

De réir [alt 4 den Acht 1974](#), tá sé de chumas ag an SIP treoir a thabhairt d'fhoireann dlíthe aon fheidhm a dhéanamh, thar a ceann agus de réir a treoracha, maidir le cásanna ar leith. Ceapann an SIP gach ball den fhoireann dlíthe i ndiaidh comórtais oscailte.

Rannán Stiúrtha, Oifig an SIP

Déanadh tarmligean chun feidhmeanna cúiseamh a dhéanamh, leanúint le cúiseamh, nó cúiseamh a tharraingt siar agus gach feidhm ceangailte le ionchúiseamh a dhéanamh i gcásanna choiriúla ag triail don bhall foirne dlíthe chuí sa Rannán Stiúrtha agus an Aonad um Choireanna Gnéis, a dhéanann na cinntí seo maidir le comhaid a chuirtear isteach ag an SIP ón tír ina iomláine.

Rannán na n-Aturnaetha agus an Rannán Seirbhísí Tacaíochta Ionchúisimh, Oifig an SIP

Rinneadh an Stiúrthóir tarmligean roinnt déanamh cinntí chomh maith do bhaill foirne dlíthe sinsir lasmuigh den Rannán Stiúrtha.

An Garda Síochána

De réir [alt 8 den Acht um Garda Síochána 2005](#) caithfidh ball tosú le agus ionchúiseamh a dhéanamh i gcúirt dlínse achomair in ainm an SIP.

Faoi alt 8)4) den Acht 2005 is féidir leis an SIP treoirínthe ghinearálta a eisiúint maidir le tosú agus riaradh ionchúisimh de chuid na Gardaí. Leagann Treoirínthe Ghinearálta (atá fáil orthu ag www.dppireland.ie/ga) amach na catagóir éagsúla cásanna ina bhfuil an chinneadh tús a chuir le nó leanúint le ionchúiseamh ag an Stiúrthóir amháin, chomh maith le na cásanna sin a bhfuil an údarás ag an nGarda Síochána tús a chuir le imeachtaí coiriúla gan ceist a chuir ar Oifig an SIP (amharc [caibidil 7 Treoirínthe d'Ionchúisitheoirí](#) do mhionsonraí). Tagraíonn seo do chásanna ón tír ina iomláine.

Don mhórchuid, déantar cinntí maidir le an-chuid ionchúisimh choiriúla ag an nGarda Síochána gan ceist a chuir ar an OSIP.

7. Cinntí Gan Ionchúiseamh a Dhéanamh -- Iarratais ar Chúiseanna agus Athbhreithnithe

Cé nDéilealann le Iarratais ar Chúiseanna agus Athbhreithnithe?

Aonad Teagmháil Íospartaigh, Oifig an SIP

I ndiaidh don íospartach a leithéid d'iarratas a dhéanamh, tugann an Aonad Teagmháil Íospartaigh liosta réasúnta do chinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh agus déanfaidh athbhreithniú ar an gcinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh.

An Garda Síochána

Maidir le cinntí a dhéanann an Garda Síochána gan ionchúiseamh a dhéanamh faoi [alt 8 den Acht um an Garda Síochána 2005](#), tugtar cúiseanna agus déanann an Cheannfort Garda cúí athbhreithnithe.

8. Ionchúisimh Achomair (lena n-áirítear Achomhairc sna Cúirteanna Dúiche) — Baile Átha Cliath

Cé Reachtálann na hlmeachtaí?

Rannóg na Cúirte Dúiche, Oifig an SIP

Déileálann Rannóg na Cúirte Dúiche in OSIP le ceisteanna na Cúirte Dúiche i gCeantar Uirbeach Bh.Á.C, mar aon le achomhairc ón gCúirt Dúiche i mBaile Átha Cliath ag an gCúirt Chuarda. San obair seo, tá:

- Ullmhúchán agus tabhairt Leabhair Fianaise agus iarratais ar fhilleadh ar triail; agus
- Ag cuir ar fáil seirbhís dlíodóra i gCúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath maidir le ceisteanna níos casta do dhiúscairt achomair. Ina measc seo, tá cásanna áit ar thóg an Garda Síochána an chinneadh agus a tógadh an chás chun ionadaíocht sa Chúirt Dúiche i mBaile Átha Cliath.

I measc na gnáth-chásanna a dtugtar ionadaíocht dóibh sna Cúirteanna Dúiche, tá:

- Cásanna bainteach le páistí
- Cásanna bainteach le híospartaigh nó cosantóirí atá leochaileach – go minic cásanna a bhfuil ceist ann an féidir breitheamh a dhéanamh ar an gcosantóir, ionchúisimh d'ionsaí gnéis, foréigean teaghlaigh, ciapadh, ionsaí a mbíonn gortú mar thoradh air, bagairtí marú;
- Cásanna casta ó thaobh na fianaise de
- Cásanna casta ó thaobh an dlí de nó theicniúil -- cuir i gcás calaois nó gach ionchúiseamh ar thiomáint faoi thionchar alcóil nó drugaí; agus
- Cásanna atá i mbéal an phobail.

I measc na cásanna nach dtugtar ionadaíocht seachas i gcúinsí eisceachtúla, tá:

- An chéad teacht os comhair na cúirte le fianaise gabhadh, ciontú agus rabhadh a thabhairt;
- Dátaí tagairt, atráth agus athchuir;
- Iarratais bannaí; agus
- Cuir isteach pléadail chiontach agus éisteachtaí breithe.

An Garda Síochána

I ngach cás nuair nach bhfuil aturnae de chuid an SIP ag tabhairt ionadaíocht, cuireann Láithreoir Cúirte Gardaí nó an comhalta ag déanamh fiosrúchán an chás i láthair. Déanann an Garda Síochána ionchúiseamh ar formhór na n-ionchúiseamh achomair.

9. Ionchúisimh Achomair (lena n-áirítear Achomhairc sna Cúirteanna Dúiche) — Iasmuigh de Bhaile Átha Cliath

Cé Reáchtálann na hlmeachtaí?

Aturnaetha Stáit

Is féidir, má chuireann an SIP ceist orthu, leis an Aturnae Stáit ionadaíocht a thabhairt sa Chúirt Dúiche. Ní lár-chuid dá ról é seo. Cuirtear ceist ar Aturnaetha Stáit ionadaíocht a chuir ar fáil thar cheann an Stiúrthóra sa Chúirt Dúiche do roinnt de na h-iarratais nó na h-ionchúisimh seo a leanas:

- ionchúisimh i gcoinne ball den Garda Síochána atá fostaithe fós
- Ionchúisimh a thagann ó fhiosrúcháin atá á riaradh ag an Údarás um Sláinte is Sábháilteachta
- Ionchúisimh a thagann ó fhiosrúcháin atá á riaradh ag na Coimisinéirí Ioncaim
- Ionchúisimh a thagann ó fhiosrúcháin atá á riaradh ag an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara
- Ionchúisimh chasta a bhfuil gá iontu do chabhair dlíthe, m.sh. iarratais maidir le oiriúnacht breithiúnas a dhéanamh, pointe dlíthe faoi chaibidil

Déileálann na n-Aturnaetha Stáit le gach Achomhairc ó na Cúirteanna Dúiche agus an gCúirt Chuarda ina gceantair faoi seach.

An Garda Síochána

Cuireann Láithreoir Cúirte Garda gach cás maidir le na Cúirteanna Dúiche Iasmuigh de Bhaile Átha Cliath nó a ionchúisítear ag an gCeannfort / gCigire.

10. Ionchúisimh ar Féidir Ciontú a Dhéanamh -- Baile Átha Cliath

Cé Reáchtálann na hlmeachtaí?

Rannán na n-Aturnaetha agus an Aonad um Choireanna Gnéis, Oifig an SIP

Gach cás a leantar leis ar chiontú sa Chúirt Choiriúil Lárnach, sa Chúirt Choiriúil Speisialta, agus sa Chúirt Chuarda i mBaile Átha Cliath. Déanann abhcóide a bhfuil ar Phainéal Abhcóidí de chuid an SIP agus a fhaigheann treorú ón SIP formhór na h-abhcóideachta.

Déileálann Rannóg an Chúirt Chuarda, Rannóg na hUaschúirte, an Aonad um Choireanna Gnéis agus an Aonad Speisialta Airgeadais leo seo.

11. Ionchúisimh ar Féidir Ciontú a Dhéanamh -- Iasmuigh de Bhaile Átha Cliath

Cé Reáchtálann na hlmeachtaí?

Seirbhís na n-Aturnaetha Stáit

Mar chuid de fhreagrachtaí na n-Aturnaetha Áitiúla Stáit, tá bainistíocht agus ullmhúchán ionchúisimh ar féidir ciontú a dhéanamh iontu i gCúirteanna Choiriúla Chuarda a gceantar. Tacaíonn siad leis an

Ionchúisitheoir Chontae chuí, arbh iad Abhcóide an SIP, leis an cás ionchúisimh a chuir i láthair sa Chúirt Chuarda ina gcontae faoi seach.

12. Ceisteanna Ionchúisimh Eile

Cé Reáchtálann na hlmeachtaí?

Déileálann na rannóga/na haonaid seo a leanas san Oifig an SIP le gach cás, bíodh sé i mBaile Átha Cliath nó lasmuigh di:

Rannóg na n-Achomharc

Déileálann Rannóg na n-Achomharc le gach achomharc choiriúil ar féidir ciontú ann ó gach Chúirt Chuarda, an Chúirt Lárnach, agus na Cúirteanna Coiriúla Speisialta. Déileálann Rannóg na n-Achomharc chomh maith le h-iarratais d'athbhreithniú ar bhreithiúnais de dheasca boige nach cóir.

Rannóg an Athbhreithniú Breithiúnach

Déileálann an rannóg seo le gach athbhreithniú breithiúnach, iarratais maidir le Alt 40 (*habeas corpus*), gníomhartha bunreachtúla agus iomlánach, agus iarratais ar bhannaí na hArdchúirte.

Aonad Idirnáisiúnta

Is í an Aonad Idirnáisiúnta a dhéileálann le Barántais Gabhadh Eorpacha, iarratais ar chomh-chabhair dlíthe chuig tíortha eile, agus ceisteanna polasaí maidir le comhoibriú póilíní agus breithiúnach níos fairsinge.

13. Caiteachas -- Costas Cuir ar Fáil an Seirbhís Ionchúisimh

Is féidir costas iomlán an seirbhís ionchúisimh a chuir ar fáil a bhriseadh síos beag nó mór i gcúig phríomh-chatagóir, mar seo a leanas:

- i) **Tuarastail agus Pá** Seo costas tuarastal an fhoireann a fhostáítear in Oifig an SIP.
- ii) **Táillí chuig Abhcóide:** Is táillí iad seo a n-íoctar le abhcóidí a ionchúisíonn cásanna thar ceann an Stiúrthóra sna cúirteanna éagsúla coiriúla. Socraítear táillí lastigh de na paraiméadair a shocraíonn an t-Aire um Caiteachais Poiblí agus Leasuithe.
- iii) **Seirbhís na n-Aturnaetha Stáit:** Tagraíonn seo d'íocaíochtaí a shocraítear de réir conradh le 32 Atur nae Stáit i gcleachtas phríobháideach a fhostáítear ag an Oifig seo le bheith ina n-ionadaithe don Stiúrthóir i gCúirteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.
- iv) **Costais Oifige:** Tagraíonn seo do chostais ghinearálta riaracháin oifige, lena n-áirítear ceannach agus coinneáil trealamh oifige, soláthairtí oifige, costais leabharlainne, cothabháil na h-oifige, taisteal, agus costais eile theagmhasacha.
- v) **Speansais dlí ghinearálta:** Tagraíonn seo d'íocaíocht chostais dhlíthe a thugann na Cúirteanna in imeachtaí dlíthe i gcoinne an Stiúrthóir.

Leagtar amach costas bhliantúil an Seirbhís Ionchúisimh a chuir ar fáil, agus léargas ar an gcaiteachas in aghaidh na bliana, inár [dTuarascáil Bhliantúla](#).

Aguisín I: Próiseas Ionchúisimh Choiriúla in Éirinn

